



Próisis Choimisiúnaithe & Forbartha

Cuid 1: Próiseas Coimisiúnaithe TG4

- Déanann TG4 na Babhtáí Coimisiúnaithe a fhógairt go rialta i rith na bliana (go minic ag tús an earraigh agus tús an fhómhair gach bliain) ar www.tg4.ie
- Sonraítear riachtanais TG4 agus an garbhuiséad a bhfuil feidhm aige i leith gach am craolta maidir leis na iarratais a lorgáítear, ar láithreán gréasáin TG4. Is féidir le comhlacht léiriúcháin neamhspleácha iarratais a dhéanamh ar bhonn atrátha ag am ar bith má tá baint acu le léiriúcháin amshainiúla.
- Is féidir iarratais a dhéanamh le foirm iarratais TG4 a úsáid, trí thairseach Ríomh-Choimisiúnaithe TG4 <https://ecomm.tg4.ie>. Ba cheart d'iarratais a bheith beacht agus soiléir agus ba cheart an t-eolas ar fad a iarrtar ar an bhfoirm a chur isteach.
- Ba cheart aon cheisteanna maidir leis na hiarratais nó an próiseas coimisiúnaithe a chur ar aghaidh chuig coimisiun@tg4.ie.
- Seolann TG4 admháil maidir le hiarratais a fhaightear laistigh de 10 lá oibre ón iarratas a fháil agus tabharfaimid freagra laistigh de 8 seachtaine ó dháta deiridh an bhabhta Coimisiúnaithe (nó laistigh de 2 sheachtain ón iarratas a rinneadh lasmuigh de na babhtáí Coimisiúnaithe a fháil má bhaineann an t-iarratas le léiriúcháin amshainiúla nó drámaíochta) ina léireofar cé acu an bhfuil siad ag iarraidh tuilleadh plé a dhéanamh ar an iarratas nó nach bhfuil nó mar mhalairt air sin é a dhiúltú.
- Ní hionann léiriú go bhfuil TG4 ag iarraidh tuilleadh plé a dhéanamh ar an iarratas agus gealltanais conartha agus níor cheart don chomhlacht léiriúcháin obair a thosú ná costais a thabhtú go dtí go mbeidh Conradh sínithe i bhfeidhm idir TG4 agus an comhlacht léiriúcháin.
- 6 mhí an tréimhse ama ionchais idir an Babhta Coimisiúnaithe agus léiriúcháin a roghnú. Is iad seo a leanas na gnáthchéimeanna: Babhta Coimisiúnaithe, Tairiscintí; gearrliostú; agallaimh; gearrliosta a roghnaítear; agus, léiriúcháin a roghnaítear.

Aithníonn TG4 an tábacht atá le trédhearcacht agus aiseolas soiléir a thabhairt maidir leis an bpróiseas coimisiúnaithe agus léirithe agus tá sé tiomanta don phríomhghné seo den chaidreamh leis an earnáil léiriúcháin.

Clár/Sraith a choimisiúnú

Tar éis iarratas a mheas, d'fhéadfadh TG4 cinneadh a dhéanamh nach gá an coincheap/tuairim a fhorbairt agus d'fhéadfadh TG4 cinneadh a dhéanamh an clár/an tsraith a choimisiúnú trí chonradh do chlár nó sraith ar leithligh nó trí chonradh ilbhliantúil, mar a éilíonn riachtanais an sceidil.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi an ndéanfaid siad comhlacht léiriúcháin a choimisiúnú chun clár/sraith a léiriú, is í an príomhcheist a bheidh ann ná a (h)oiriúnacht chun é/í a chur isteach i sceideal cláir craolacháin an chainéil. Is é polasaí TG4 léiritheoirí a spreagadh chun bheith nuálach agus cruthaitheach i láimhseáil tuairimí agus coincheap nua. Beidh úrnuacht, ábhar Gaeilge, sármhaitheas físeach agus fachtóirí eile eagarthóireachta ina gcuid den mheastóireacht freisin. I measc na gcritéar eile beidh cé acu an bhfuil an clár nó nach bhfuil sé :

- Úrnua, géarchúiseach agus an bhfuil tuairimí ann a spreagann smaointe
- Ábalta a bheith taitneamhach do sprioclucht féachana sonrath
- Oiriúnach le craoladh ina ábhar Gaeilge ann féin
- Ábalta ábhar an-spéisiúil a thabhairt le chéile trí script agus íomhánna
- Luach ar airgead

Is iad saoirse chun léargas agus cur chuige eile a bheith agat na tréithe a bhaineann leis an gcur chuige *súil eile* don teilifís a dhéanann an difríocht do TG4 agus a lucht féachana.

Tabharfar cuireadh don chomhlacht léiriúcháin Cáipéis Eolais a chomhlánú. Má chinneann TG4 i bprionsabal an clár/an tsraith a choimisiúnú iarrfar ar an gcomhlacht léiriúcháin Bileog Eolais a chomhlánú agus cuirfear buiséad mionsonraithe faoi bhráid TG4 agus aontófar é idir an comhlacht léiriúcháin agus Rannóg Airgeadais TG4.

Buiséad Léiriúcháin:

Beidh an maoiniú atá ar fáil do choimisiúnú ag brath ar an maoiniú poiblí atá ar fáil do TG4 in aon bhliain faoi leith. Dá réir sin, socróidh seo meánleibhéal an bhuiséid a bheidh ar fáil do na seánraí cláir éagsúla a dhéanfaidh TG4 iad a choimisiúnú. Beidh an buiséad a aontófar do léiriúcháin faoi leith ag brath ar réimse fachtóirí, lena n-áirítear costas léiriúcháin an chláir agus an méid ábhair cartlainne tríú páirtí a bheidh sa chlár.

Is iad baill na Rannóige Airgeadais atá freagrach as an mbuiséad agus Sceideal Sreafa Airgid a aontú leis an gcomhlacht léiriúcháin.

Ríomh cruinn atá sa bhuiséad den chostas iomlán atá ann leis an gclár a léiriú agus an costas a bhaineann leis an ábhar go léir atá sa chlár a cheadú san áireamh. Cuirfidh sin ar chumas an chomhlachta léiriúcháin clár atá ceadaithe go hiomlán a chur ar fáil do TG4, a d'fhéadfadh TG4 a úsáid i gcomhréir leis an gComhaontú Coimisiúnaithe Cláir, gan aon íocaíocht eile a thabhairt don chomhlacht léiriúcháin ná aon tríú páirtí.

Áireofar mar chuid den bhuiséad aon mhaoiniú forbartha a íocadh roimhe sin agus déanfar an maoiniú forbartha seo a bhaint as an tsuim atá le híoc ar an gcoimisiúnú. Beidh sreabhadh airgid ar fáil le linn ré an léirithe de réir na dtráthchodanna agus ar na dátaí a shonraítear i Sceideal an tSreabhaidh Airgid atá san áireamh sa Chomhaontú Coimisiúnaithe Cláir.

Beidh sciar den táille Léiriúcháin le híoc mar chuid de thráthchuid dheiridh an bhuiséid. Má tharlaíonn róchaiteachas, beidh an comhlacht léiriúcháin freagrach as an róchaiteachas a íoc as a acmhainní féin mura n-aontaítear a mhalairt i scríbhinn le TG4. Nuair a bhíonn coigilteas ann i mbuiséad léiriúcháin, déanfar iad a roinnt go cothrom de réir, agus mar a leagtar amach, sa Chomhaontú Coimisiúnaithe Cláir.

Féadfaidh TG4 iniúchadh a dhéanamh ar léiriúcháin.

Conradh:

Nuair atá an buiséad aontaithe, eiseoidh TG4 conradh. Ní bheidh gaol conarthach idir TG4 agus an comhlacht léiriúcháin go dtí go mbeidh an Comhaontú Coimisiúnaithe Cláir sínithe ag an gcomhlacht léiriúcháin agus TG4.

Tuigeann TG4 an tábhacht atá leis an gconradh a chur i gcrích tamall maith sula gcuirtear tús leis an léiriúcháin agus go ginearálta síneofar an Comhaontú Coimisiúnaithe Cláir ar a laghad ceithre seachtaine sula dtosóidh léiriú, ach seans nach mbeifear ábalta sin a dhéanamh i ngach cás.

Rialú Eagarthóireachta

Beidh freagracht ar TG4 i ndáil le rialú eagarthóireachta críochnaitheach ar an gClár agus beidh TG4 dá lánrogha féin i dteideal cibé athruithe, scriosadh nó breisiú a iarrfaidh sé a dhéanamh ar an gClár nó iad a iarraidh. Ní mór don chlár/sraith a thugtar do TG4 gach dlí, rialacháin agus Cóid is infheidhme a chomhlíonadh maidir le léiriú clár teilifíse agus comhlíonfaidh sé na treoirlínte go léir arna n-eisiúint ó am go ham ag TG4 maidir leis an nGaeilge agus maidir le nithe eile.

Cuid 2: Próiseas Forbartha TG4

Tar éis iarratas a bhreithniú, féadfaidh TG4 cinneadh a dhéanamh forbairt clár/sraithe a mhaoiniú. Má chinneann TG4 forbairt clár/sraithe a mhaoiniú, eiseoidh sé conradh maidir le forbairt. Is le TG4 agus leis an gcomhlacht léiriúcháin na cearta go léir sa saothar a fhorbraítear ar bhonn cothrom ach amháin in imthosca eisceachtúla.

Tabharfaidh TG4 cinneadh i bprionsabal don chomhlacht léiriúcháin cibé ar mhian leo páirt a ghlacadh in aon léiriúcháin bunaithe ar an obair atá forbartha, laistigh de thréimhse bliana ó sheachadadh deiridh an tsaothair atá forbartha, de ghnáth.

I gcás ina gcinneann TG4 dá lánrogha féin, ar bhonn an tsaothair a fhorbraítear, gan clár/sraith a léiriú, cuirfidh sé é seo in iúl don chomhlacht léiriúcháin. Sa chás seo, déanfaidh TG4 gach ceart a bhí aige sa saothar a fhorbraítear a athshannadh don chomhlacht léiriúcháin nuair a bheidh an maoiniú forbartha aisíoctha. Ach coimeádann TG4 an ceart chun creidiúint deiridh, is é sin, “arna fhorbairt i gcomhar le TG4”, a fháil ar an mbealach a comhaontaíodh é le TG4, in aon chlár arna choimisiúnú ag tríú páirtí agus ina n-úsáidtear an saothar a forbraíodh.

Má chinneann TG4 clár/sraith a choimisiúnú ar bhonn an tsaothair a forbraíodh, cuirfidh TG4 é seo in iúl don chomhlacht léiriúcháin a luaithe agus a bheidh sé in ann é sin a dhéanamh, laistigh den tréimhse bliana a luadh. Déanfar na cearta i leith an chlár coimisiúnaithe/na sraithe coimisiúnaithe a shonrú i gcomhaontú ar leithligh ar a dtugtar an Comhaontú Coimisiúnaithe Clár.